



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

STAIR – ARDLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

Lean **CEANN AMHÁIN** de na sraitheanna treoracha seo a leanas:

1. Gnáththreoracha:

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 6.
Freagair ceist **amháin** ar thopaic **amháin**.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist **amháin** as gach ceann de **dhá** thopaic.

NÓ

2. Treoracha Malartacha do 2023 amháin:

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Ranna 2 agus 3 (300 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 6 agus
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair **trí** cheist as aon **dá** thopaic
as Ranna 2 agus 3.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

Éire: Topaic 5

An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Comhaontú Sunningdale agus an feidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1973-1974

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
 - (a) I ndoiciméad A, cad iad na comharthaí ar chorraíl a chonaic an scríbhneoir ar a bhealach isteach go Béal Feirste?
 - (b) I ndoiciméad A, conas a bhí fir an UDA gléasta agus armáilte?
 - (c) I ndoiciméad B, cén tionchar a bhí ag na gearrthacha cumhachta ar Óstán Europa?
 - (d) De réir dhoiciméad B, cén fáth a raibh béal an scríbhneora chomh tirim le min saibh?
(20)
2.
 - (a) An bhfuil an dá dhoiciméad ar aon fhocal faoi ghníomhartha na ndaoine a thacaigh leis an stailc? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
 - (b) An bhfuil an dá dhoiciméad ar aon fhocal faoi fhreagairt na bhfórsaí slándála d'iriseoirí a bheith i láthair? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
(20)
3.
 - (a) Cén luach, dar leat, a bheadh ar dhoiciméad A mar fhoinsé stairiúil? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don doiciméad.
 - (b) An measfá gur foinse oibiachtúil é doiciméad B? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don doiciméad.
(20)
4. Cén fáth a raibh Comhaontú Sunningdale agus an feidhmeannas comhroinnte cumhachta 1973-1974 chomh conspóideach sin?
(40)

- Doiciméad A -

Sa sliocht coimrithe seo déanann Robert Fisk, a thuairiscigh thar ceann *The Times* (Londain), cur síos ar thús stailc Chomhairle Oibrithe Uladh (UWC) i mí na Bealtaine 1974.

Ag tiomáint isteach go Béal Feirste bhí sé ar nós a bheith ag dul isteach i bpríomhchathair ina raibh arm réabhlóideach tar éis dul chun ceannairce. Ó dheich míle ar shiúl d'fhéadfá colúin fhada deataigh a fheiceáil ag lúbadh suas go spéir na camhaoire os cionn Bhéal Feirste, áit a raibh fir an UDA [Cumann Cosanta Uladh] ag cur leoraithe goidte, carranna agus fiú rothair trí thine ar bharacáidí sráide a caitheadh le chéile go gasta.

Bhí póilíní agus saighdiúirí ag amharc ar na himeachtaí seo, agus uaireanta iad i bhfoisceacht cúpla slat díobh. Thiomáin an tArm go mall trí na sráideanna, iad ag seachaint baracáidí daoine agus ag brú trí bhearnaí sna baracáidí bóthair. Ní dhearna saighdiúirí a bhí ag siúl aon iarracht cur isteach ar fhir an UDA a bhí faoi éide. Uaireanta stop siad agus labhair siad leis na hógánaigh a bhí ar na baracáidí.

Nuair a bhí mé ag iarraidh dul isteach sa chathair thar ceann *The Times* stop saighdiúir, ag a raibh smachtín, mé ach is é an rud ar thug mé aird air ná leoraí coimeádáin a bhí á fhuadach ag fir an UDA. Bhí maidí ag cuid díobh agus ba chosúil go raibh púicín ar dhuine eile díobh. Tháinig saighdiúir go dtí m'fhuinneog agus d'iarr sé orm an búit a oscailt. Nuair a bhí sé críochnaithe dhírig mé mo mhéar ar an leoraí. 'Ceapaim go bhfuil an leoraí sin á fhuadach,' a dúirt mé. 'Feicim, a dhuine uasail,' a d'fhreagair an saighdiúir go béasach. 'Anois an dtig liom do cheadúnas a fheiceáil?'

Foinse: Robert Fisk, *The Point of No Return: the Strike Which Broke the British in Ulster* (Londain, 1975).

- Doiciméad B -

Sa sliocht coimrithe seo tugann Olivia O'Leary, a thuairiscigh thar ceann *The Irish Times* (Baile Átha Cliath), chun cuimhne imeachtaí a bhí cosúil leis sin.

Bhí anord sa Tuaisceart. Mar gheall ar ghearrthacha cumhachta a bheith ag tarlú de shíor stop an córas séarachais ag obair agus, i bpasáistí Óstán Europa i mBéal Feirste, áit a raibh mé ag fanacht, d'fhéadfá boladh an éadóchais a fháil.

Mar thuairisceoir óg, sheas mé taobh le hoifigeach ó arm na Breataine ar Bhóthar Uí Mhaoileoin i mBéal Feirste fad a bhrúigh drong Dílseoirí, a thacaigh le stailc an UWC, carranna agus veaineanna fuadaithe le chéile chun baracáidí a thógáil leis an mbóthar a bhlocáil. 'Tá siad ag briseadh an dlí. Nach bhfuil tú chun iad a stopadh? Cén fáth nach gcuireann tú stop leo?' a dúirt mé leis arís agus arís eile. Dhiúltaigh sé freagra a thabhairt agus mhol sé dom bailiú liom, nach raibh sé sábháilte dom a bheith ansin agus nár bhain an scéal liom beag ná mór.

Sheas mé ansin ar feadh uair an chloig ag cur náire air. Ach bhí mo bhéal chomh tirim le min saibh de bhrí, mar Éireannach, go raibh a fhios agam go raibh mé ag amharc ar údarais na Breataine ag ligean don aon iarracht réalaióch ar rialtas comhroinnte i dTuaisceart Éireann dul le sruth – nó imeacht síos sa séarach.

Foinse: Mary E. Daly (ed.), *Brokering the Good Friday Agreement: the untold story* (Baile Átha Cliath, 2019).

ROINN 2: ÉIRE

Féach na treoracha ar an gclúdach tosaigh agus tú ag roghnú
cén cheist nó cé na ceisteanna le freagairt.

Éire: Topaic 1

Éire agus an tAontas, 1815-1870

1. Cén rath a bhí ar thiarnaí talún in Éirinn le linn na tréimhse 1815-1870? (100)
2. Cad a d'fhoghlaim tú faoi Dhónall Ó Conaill ón staidéar a rinne tú ar dhá cheann acu seo: feachtas Fhuascailt na gCaitliceach; feachtas na hAisghairme; caidreamh Uí Chonaill le hÉire Óg? (100)
3. Conas a d'fhreagair Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholson don Ghorta in Éirinn? (100)
4. Cad a chuir James Stephens leis an bhFíniúeachas? (100)

Éire: Topaic 2

Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

1. Cé chomh rathúil agus a bhí Charles Stewart Parnell ina shaol polaitíochta, 1875-1891? (100)
2. Le linn na tréimhse 1870-1914, cén tionchar a bhí ag Edward Carson ar ghnóthaí na hÉireann? (100)
3. Cén fáth ar tharla an stailc agus an frithdhúnadh in 1913, conas a cuireadh i gcrích é agus cén toradh a bhí air? (100)
4. Le linn na tréimhse 1870-1914, cé acu ba rathúla mar ghluaiseacht, CLG nó Conradh na Gaeilge? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann. (100)

Éire: Topaic 3

Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

1. Conas a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le teannas in Éirinn: Bille an Rialtais Dúchais, 1912-1914; An Chéad Chogadh Domhanda; Toghchán 1918? (100)
2. Le linn na tréimhse 1920-1945, cé chomh maith is a d'fhreagair rialtas Thuaisceart Éireann do na dúshláin a bhí roimhe? (100)
3. Le linn na tréimhse 1923-1945, cé chomh sciliúil is a bhí W.T. Cosgrave agus Éamon de Valera agus an caidreamh Angla-Éireannach á láimhseáil acu? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag Comhdháil Chorp Chríost 1932 ar an saol in Éirinn agus/nó ag na hiarrachtaí a rinneadh chun an Ghaeilge a chur chun cinn? (100)

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

1. Le linn na tréimhse 1840-1920, conas a d'athraigh an eisimirce saol na ndaoine a d'fhág Éire agus saol na ndaoine a d'fhan sa bhaile? (100)
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le hÉamon de Valera a chuid aidhmeanna a bhaint amach agus é i Meiriceá (Mí an Mheithimh, 1919-Mí na Nollag, 1920)? (100)
3. Le linn na tréimhse 1920-1966, cén fáth a ndeachaigh Éireannaigh ar eisimirce go dtí an Bhreatain agus cé chomh maith agus a comhshamhláíodh iad? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo le híomhá na nÉireannach thar lear: Boss Croker; Maureen O'Hara; John F. Kennedy? (100)

Éire: Topaic 6
An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

1. Le linn na tréimhse 1949-1989, cad iad na hathruithe a tháinig ar cheann amháin nó níos mó díobh seo: an dearcadh maidir leis an nGaeilge agus cultúr na hÉireann; stádas na mban; tithíocht, scoileanna agus fóntais? (100)
2. Cé chomh maith agus a chuaigh Seán Lemass agus/nó Jack Lynch i ngleic leis na fadhbanna a bhí rompu? (100)
3. Cad a chuir Charles Haughey agus/nó Garret FitzGerald leis an gcaidreamh Angla-Éireannach? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag an Ardeaspag John Charles McQuaid agus an Dara Comhairle Vatacánach ar an saol in Éirinn? (100)

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
Féach na treoracha ar an gclúdach tosaigh agus tú ag roghnú
cén cheist nó cé na ceisteanna le freagairt.

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

1. Cén fáth ar tugadh ‘bliain na réabhlóidí’ ar 1848 agus cén fáth ar theip ar Réabhlóid na bliana 1848 sa Ghearmáin? (100)
2. Cad iad na príomhfhorbairtí a tharla i gcúrsaí talmhaíochta agus tionsclaíochta, 1815-1871? (100)
3. Le linn na tréimhse 1815-1871, cad a chuir Napoléon III agus/nó Baron Haussmann le gnóthaí na Fraince? (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1871, conas a chuaigh an náisiúnachas cultúrtha i bhfeidhm ar an ealaín agus/nó ar an gceol? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2
Náisiúntáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

1. Le linn na tréimhse 1871-1920, cad iad na fadhbanna sa Rúis a raibh ceann amháin nó níos mó díobh seo mar chúis leo: frith-Sheimíteachas; géarchéim eacnamaíochta; cogadh agus réabhlóid? (100)
2. Cad ab ea ‘An tImpiriúlachas Nua’ agus cé chomh mór agus a chuir iomaíocht faoi choilíneachtaí le teannas san Eoraip, 1871-1914? (100)
3. Cad a d’fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar dhá cheann díobh seo: Douglas Haig; mná sa líon saothair; Wilfred Owen? (100)
4. Le linn na tréimhse 1871-1920, cad iad na príomhfhorbairtí a tharla in airgeadh agus i luathstair an ghluaisteáin agus/nó sa mhíochaine? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3
Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

1. Cad iad na príomhthréithe a bhain leis na réimis fhaisisteacha san Eoraip, 1920-1945? (100)
2. Conas a d’athraigh Josef Stalin an geilleagar Sóivéadach ó bhonn agus/nó conas a d’úsáid sé seóthrialacha chun a chuid cumhachta a dhaingniú? (100)
3. Cad iad na dúshláin a bhí roimh an bhFrainc le linn síochána agus le linn cogaidh, 1920-1945? (100)
4. Cé chomh maith agus a d’éirigh le dhá cheann díobh seo aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhí roimh an mBreatain le linn na tréimhse 1920-1945: J.M. Keynes; Máirseáil Jarrow, 1936; Winston Churchill? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992

1. Conas a chuir dhá cheann díobh seo le teannas idirnáisiúnta: Imshuí Bheirlín, 1948-1949; comhaontais mhíleata; Éirí Amach na hUngáire, 1956? (100)
2. Cad iad na bealaí a raibh an tréimhse 1945-1973 ina tréimhse inar tharla fás geilleagrach agus cén tionchar a bhí ag géarchéim na hola in 1973 ar an Eoraip? (100)
3. Cad iad na nithe a bhain Mikhail Gorbachev amach mar cheannaire ar APSS agus cad iad na teipeanna a bhí aige? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cén tionchar a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo ar an Eoraip: dul chun cinn sna heolaíochtaí bitheacha; cumhacht núicléach; an ríomhaire? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

1. Cén tábhacht a bhain le haistarraingt na Breataine as an India, don Bhreatain agus don India? (100)
2. Conas a chuir David Ben-Gurion agus/nó Gamal Abdul Nasser le forbairtí sa Mheánoirthear? (100)
3. Le linn na tréimhse 1960-1990, cad iad na tionchair shóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag aistarraingt na hEorpa ó impireachtaí ar iarchoilíneachtaí san Afraic? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1990, cé chomh mór agus a tharraing caidreamh idir ciníocha conspóid sa Bhreatain agus/nó sa Fhrainc? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

1. Conas a chuaigh ceann amháin nó níos mó díobh seo i bhfeidhm ar na Stáit Aontaithe: McCartachas; an coimpléasc míleata-tionsclaíoch; an ghluaiseacht frithchogaidh? (100)
2. Cé acu seo a chruthaigh an bhagairt ba mhó do shlándáil na Stát Aontaithe, an Cogadh sa Chóiré nó Géarchéim na nDiúracán i gCúba? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann. (100)
3. Cad iad na hiarrachtaí a rinneadh sna Stáit Aontaithe, 1945-1989, chun dul i ngleic le neamhionannas ciníocha? (100)
4. Conas a d'éirigh leis na Stáit Aontaithe tuirlingt rathúil a dhéanamh ar an ngealach in 1969, agus cén suntas a bhain leis sa bhaile agus thar lear? (100)

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

An Ardteistiméireacht - Ardleibhéal

Stair

Dé Céadaoin 14 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:50